2026/2569

16.11.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2569 ÓN gCOMHAIRLE

an 16 Samhain 2026

lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2020/1998 maidir le bearta sriantacha in aghaidh sáruithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2020/1998 ón gComhairle an 7 Nollaig 2020 maidir le bearta sriantacha in aghaidh sáruithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine [1], agus go háirithe Airteagal 14(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 7 Nollaig 2020, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) 2020/1998.

(2) An 8 Nollaig 2020, trí bhíthin an Dearbhaithe ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ('an tArdionadaí'), thar ceann an Aontais Eorpaigh, maidir le córas domhanda smachtbhannaí an Aontais Eorpaigh i ndáil le cearta an duine, d'athdhearbhaigh an tAontas agus a Bhallstáit gurb é a dtiomantas láidir cearta an duine a chur chun cinn agus a chosaint ar fud an domhain. Le córas domhanda smachtbhannaí an Aontais i ndáil le cearta an duine, leagtar béim ar a mheáite atá an tAontas feabhas a chur ar a ról maidir le haghaidh a thabhairt ar sháruithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha i réimse chearta an duine ar fud an domhain. Is sprioc straitéiseach den Aontas é teachtadh éifeachtach chearta an duine ag an uile dhuine a bhaint amach. Is bunluach de chuid an Aontais agus de chomhbheartas eachtrach agus slándála an Aontais é meas ar dhínit an duine, ar an tsaoirse, ar an daonlathas, ar an gcomhionannas, ar an smacht reachta agus ar chearta an duine.

(3) Sa ráiteas uaidh os comhair Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe an 24 Meitheamh 2026, chuir an tAontas in iúl gur cúis mhór imní dó an méadú as cuimse ar sháruithe tromchúiseacha in aghaidh leanaí i gcoinbhleacht armtha, leag sé béim ar a thábhachtaí atá sé na sáruithe a chosc agus cuntasacht a áirithiú i ndáil leo siúd atá freagrach, agus d'iarr sé ar na páirtithe uile i gcoinbhleacht armtha seasamh lena n-oibleagáidí faoin dlí idirnáisiúnta agus bearta nithiúla a dhéanamh chun deireadh a chur le sáruithe in aghaidh leanaí agus iad a chosc.

(4) Sa chomhthéacs sin, ba cheart ceithre eintiteas a chur le liosta na ndaoine nádúrtha nó dlítheanacha, na n-eintiteas nó na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2020/1998.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2020/1998 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2020/1998 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

[1] IO L 410 I, 7.12.2020, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/1998/oj.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 16 Samhain 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

K. KALLAS

IARSCRÍBHINN

In Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2020/1998, cuirtear na hiontrálacha seo a leanas le liosta na ndaoine nádúrtha nó dlítheanacha, na n-eintiteas nó na gcomhlachtaí faoin gceannteideal ‘B. Daoine dlítheanacha, eintitis, agus comhlachtaí’:

	Ainmneacha (Traslitriú go haibítir na Laidine)	Ainmneacha	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
‘46.	5 Segond		Seoladh: Village de Dieu, Port-au-Prince, Háití Cineál eintitis: drong choiriúil armtha neamhstáit	Is grúpa coiriúil armtha é 5 Segond atá ag feidhmiú i Háití. Tá 5 Segond freagrach as maruithe, éigniú agus cineálacha eile foréigin ghnéasaigh agus inscnebhunaithe, fuadach, sracadh, goid, píoráideacht, bac a chur ar chabhair dhaonnúil, ionsaithe ar shibhialtaigh agus ar bhonneagar sibhialtach, agus gáinneáil ar airm agus ar dhrugaí. Tá sáruithe tromchúiseacha inar díríodh ar leanaí déanta ag 5 Segond, lena n-áirítear foréigean gnéasach. Sainaithníodh comhaltaí de 5 Segond a bheith freagrach as éigniú bheirt chailíní, idir 3 bliana agus 12 bhliain d’aois, ag suíomh do dhaoine easáitithe ina dtír féin i mí an Mhárta 2024. Rinne an grúpa ionsaithe freisin a rinne difear don bhonneagar sláinte agus do sheirbhísí daonnúla. Dá bhrí sin, tá 5 Segond freagrach as sáruithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha i réimse chearta an duine, lena n-áirítear foréigean córasach forleathan gnéasach agus inscnebhunaithe.	16.11.2026
47.	400 Mawozo		Seoladh: Croix-des-Bouquets, ceantar meitreapholaiteach Port-au-Prince, Háití Cineál eintitis: drong choiriúil armtha neamhstáit	Is grúpa coiriúil armtha é 400 Segond atá ag feidhmiú i Háití. Tá 400 Mawozo freagrach as leanaí a earcú agus as teacht i dtír gnéasach ar leanaí, rud a fhágann iad gan chosaint ar fhoréigean armtha agus ar mhí-úsáidí tromchúiseacha eile. Tá 400 Mawozo freagrach freisin as maruithe, éigniú agus cineálacha eile foréigin ghnéasaigh agus inscnebhunaithe, lena n-áirítear éigniú mionaoiseach, fuadach, ionsaithe ar shibhialtaigh, creachadh, scriosadh maoine poiblí, fuadach trucailí, ionsaithe a chuireann isteach ar chúnamh daonnúil, agus easáitiú éigeantach. Dá bhrí sin, tá 400 Mawozo freagrach as sáruithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha i réimse chearta an duine, maruithe, agus foréigean córasach forleathan gnéasach agus inscnebhunaithe.	16.11.2026

	Ainmneacha (Traslitriú go haibítir na Laidine)	Ainmneacha	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
48.	Gran Ravine		Seoladh: Port-au-Prince ouest, Háití Cineál eintitis: drong choiriúil armtha neamhstáit	Is grúpa coiriúil armtha é Gran Ravine atá ag feidhmiú i Háití. Tá Gran Ravine freagrach as maruithe, éigniú agus cineálacha eile foréigin ghnéasaigh agus inscnebhunaithe, fuadach, ionsaithe ar shibhialtaigh, scriosadh maoine, agus gníomhartha eile foréigin i gcoinne pobail shibhialtacha. Faoi cheannaireacht Renel Destina, ar a dtugtar freisin "Ti Lapli", tá dúnmharú, éigniú, fuadach agus coireanna tromchúiseacha eile déanta ag Gran Ravine. Tá ionsaithe déanta ag an ngrúpa ba shiocair le básanna sibhialtacha, le heasáitiú, agus le cur isteach ar sheirbhísí fíor-riachtanacha. Dá bhrí sin, tá Gran Ravine freagrach as sáruithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha i réimse chearta an duine, lena n-áirítear maruithe agus foréigean córasach forleathan gnéasach agus inscnebhunaithe.	16.11.2026
49.	Krazé Baryè		Seoladh: Ceantar meitreapholaiteach Port-au-Prince, lena n-áirítear Pétion-Ville agus comúin chomharsanachta Cineál eintitis: drong choiriúil armtha neamhstáit	Is grúpa armtha coiriúil é Krazé Baryè atá ag feidhmiú go príomha i limistéar cathrach Port-au-Prince, Háití. Tá Krazé Baryè freagrach as leanaí a earcú agus as teacht i dtír gnéasach ar leanaí, rud a fhágann iad gan chosaint ar fhoréigean armtha agus ar mhí-úsáidí tromchúiseacha eile. Tá Krazé Baryè freagrach freisin as maruithe, éigniú agus cineálacha eile foréigin ghnéasaigh agus inscnebhunaithe, fuadach, ionsaithe ar shibhialtaigh, scriosadh maoine, agus easáitiú éigeantach. Tá Krazé Baryè freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha i réimse chearta an duine, lena n-áirítear leanaí a earcú agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí, marú agus ballbhascadh leanaí, maruithe, agus foréigean córasach forleathan gnéis agus inscnebhunaithe.	16.11.2026'.

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/2569/oj